Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12380/26**
**ADD 1**

**CODIF 28**
**CODEC 1537**
**MAR 118**
**OMI 45**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 386 final (Annexes 1 to 5).

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.7.2026
COM(2026) 386 final

ANNEXES 1 to 5

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le ceanglais chobhsaíochta shonracha le haghaidh longa paisinéirí róró (códú)**

↓ 2003/25/CE

# IARSCRÍBHINN I

## CEANGLAIS CHOBHSAÍOCHTA SHONRACHA LE hAGHAIDH LONGA PAISINÉIRÍ RÓRÓ

**dá dtagraítear in Airteagal 6**

↓ 2023/946

**ROINN A**

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

Chun críocha ⌦ roinn A ⌫, déanfar tagairtí do rialacháin Choinbhinsiún SOLAS a fhorléiriú mar thagairtí do na rialacháin sin mar a bhí feidhm acu faoi SOLAS 90.

↓ 2023/946 (oiriúnaithe)

1. I dteannta cheanglais Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8 de Choinbhinsiún SOLAS maidir le foroinnt uiscedhíonach agus cobhsaíocht i riocht damáistithe, comhlíonfar ceanglais na roinne seo.

↓ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

1.1. Comhlíonfar forálacha Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8.2.3 nuair a chuirfear san áireamh éifeacht méid hipitéiseach uisce mara a thoimhdítear a bheith carntha ar an gcéad deic os cionn líne snámha deartha an spáis lastais
 róró nó an spáis lastais speisialta mar a shainmhínítear i Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-2/3 a thoimhdítear a bheith damáistithe ( 'an deic róró a bhfuil damáiste déanta di'). Ní gá ceanglais eile Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8 a chomhlíonadh agus an caighdeán cobhsaíochta ⌦ a leagtar amach ⌫ san Iarscríbhinn seo á chur i bhfeidhm. Ríomhfar méid an uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha ar bhonn dromchla uisce a bhfuil airde sheasta os cionn an mhéid seo a leanas aige:

(a) an pointe is ísle d'fhaobhar deice urrann damáistithe na deice róró; nó

(b) ⌦ dromchla an chiúinuisce ar gach uillinn liain agus thríme,nuair a bhíonn imeall an deic den urrann damáistithe faoi uisce ⌫;

mar a leanas:

0,5 m má tá an saorbhord iarmharach 0,3 m nó níos lú,

0,0 m má tá an saorbhord iarmharach (2,0 m nó níos mó,

luachanna idirmheánacha atá le cinneadh trí idirshuíomh líneach má tá an saorbhord iarmharach 0,3 m nó níos mó ach níos lú ná 2,0 m,

i gcás inarb é an saorbhord iarmharach an t-achar íosta idir an deic róró a bhfuil damáiste déanta di agus an líne snámha dheiridh ag suíomh an damáiste sa chás

damáiste atá á mheas gan éifeacht thoirt an uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a chur san áireamh,

1.2. Nuair a shuiteáiltear córas draenála ardéifeachtúlachta, féadfaidh córas riaracháin an Stáit brataí laghdú ar airde dhromchla an uisce a cheadú.

1.3. Maidir le longa i limistéir oibríochta shrianta arna sainiú go geografach, féadfaidh córas riaracháin an Stáit brataí airde dhromchla an uisce a fhorordaítear i gcomhréir le pointe 1.1 a laghdú tríd an méid seo a leanas a chur in ionad airde dhromchla an uisce:

1.3.1. 0,0 m má tá an tonnairde shuntasach lena sainítear an limistéar lena mbaineann 1,5 m nó níos lú;

1.3.2. an luach arna chinneadh i gcomhréir le ⌦ pointe ⌫ 1.1 má tá an tonnairde shuntasach lena sainítear an limistéar lena mbaineann 4,0 m nó níos mó;

1.3.3. luachanna idirmheánacha atá le cinneadh trí idirshuíomh líneach má tá an tonnairde shuntasach lena sainítear an limistéar lena mbaineann 1,5 m nó níos mó ach níos lú ná 4,0 m,

ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

1.3.4. go bhfuil córas riaracháin an Stáit brataí sásta go léirítear an limistéar sainithe leis an tonnairde shuntasach nach sáraítear le dóchúlacht níos mó ná 10 %; agus

1.3.5. iontráiltear ar na deimhnithe an limistéar oibríochta agus, más infheidhme, an tréimhse sin den bhliain ar bunaíodh luach áirithe den tonnairde shuntasach ina leith.

1.4. ⌦ Mar mhalairt ⌫ ar ⌦ na ceanglais a leagtar amach bpointí ⌫ 1.1 nó mhír 1.3, féadfaidh córas riaracháin an Stáit brataí cur i bhfeidhm cheanglais ⌦ phointe ⌫1.1 nó ⌦ phointe ⌫ 1.3 a dhíolmhú agus glacadh le cruthúnas, arna bhunú le tástálacha samhla arna ndéanamh le haghaidh long aonair i gcomhréir leis an modh tástála samhla, atá san Fhoscríbhinn, lena dtugtar údar maith nach n-iompóidh an long béal fúithi le méid toimhdithe an damáiste dá bhforáiltear i Rialachán ⌦ SOLAS ⌫II-1/B/8.4 sa suíomh is measa atá á mheas faoi ⌦ phointe ⌫ 1.1, ar mhuirbhealach neamhrialta, agus

1.5. tagairt do ghlacadh le torthaí na tástála samhla mar choibhéis le comhlíonadh ⌦ phointí ⌫ 1.1 nó 1.3 agus luach na tonnairde suntasaí a úsáideadh sna tástálacha samhla, cuirfear iad ar dheimhnithe na loinge.

1.6. maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear don mháistir i gcomhréir le Rialacháin ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8.7.1 agus II-1/B/8.7.2, mar a forbraíodh chun Rialacháin ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8.2.3 go II-1/B/8.2.3.4 a chomhlíonadh, beidh feidhm aici gan athrú maidir le longa paisinéirí róró arna gceadú de réir na gceanglas sin.

2. Chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht thoirt an uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di i ⌦ bpointe ⌫ 1, beidh forlámhas ag na forálacha seo a leanas:

2.1. measfar bulcaid thrasnach nó fadbhuilcaid a bheith slán má tá gach cuid di suite laistigh de dhromchlaí ingearacha ar an dá thaobh den long, atá suite ag achar ón bplátáil chabhlach atá cothrom leis an gcúigiú cuid de leithead na loinge, mar a shainmhínítear i Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-1/2, agus arna dtomhas ar dronuillinn go dtí an lárlíne ar leibhéal ualachlíne na foroinne is doimhne;

2.2. i gcásanna ina leathnófar cabhail na loinge ⌦ i bpáirt ⌫ ⌦ go struchtúrach ⌫ chun forálacha na hIarscríbhinne seo a chomhlíonadh, ⌦ úsaidfear ⌫ an méadú ⌦ dá thoradh ⌫ sin ar luach aon chúigiú dá leithead ⌦ ar fud na loinge ⌫, , ach ní rialóidh sé suíomh treánna bulcaide, córas píobánra, srl. a bhí inghlactha roimh an leathnú;

---

▼ 2005/12/CE (oiriúnaithe)

2.3. beidh teinne na mbulcaidí trasnacha nó na mbulcaidí fad loinge a chuirtear san áireamh mar bhulcaidí éifeachtacha chun an t-uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha san urrann lena mbaineann ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a theorannú, beidh sí i gcomhréir leis an gcóras draenála, agus seasfaidh sí brú hidreastatach i gcomhréir le torthaí ríomh an damáiste. Beidh na bulcaidí sin 4 m ar airde ar a laghad ach amháin má bhíonn airde an uisce níos lú ná 0,5 m. I gcásanna den sórt sin, féadfar airde na bulcaide a ríomh i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

Bh = 8hw

áit arb é

Bh airde na bulcaide;

agus hw airde an uisce.

In aon chás, ⌦ ní bheidh ⌫ íosairde na bulcaide níos lú ná 2,2 m. Mar sin féin, i gcás long ar a bhfuil deiceanna na gcarranna ar crochadh, ní bheidh íosairde na bulcaide níos lú ná an airde le himeall uachtair na deice crochta nuair atá sí sa suíomh íslithe;

---

▼ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

2.4. i gcás socruithe speisialta amhail deiceanna ar crochadh lánleithid agus cásálacha taoibh leathana, féadfar glacadh le hairdí bulcaide eile ar bhonn tástálacha mionsonraithe samhla;

2.5. ní gá éifeacht thoirt an uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha a chur san áireamh maidir le haon urrann den deic róró a bhfuil damáiste déanta di, ar choinníoll go bhfuil scupair ag urrann den sórt sin ar gach taobh den deic agus iad dáilte go cothrom feadh thaobhanna na hurrainne agus an méid seo a leanas á chomhlíonadh:

2.5.1. $A \geq 0,3\ l$

áit arb é A an t-achar iomlán scupar ar gach taobh den deic in m2; agus áit arb é l fad na hurrainne in m;

2.5.2. coinneoidh an long scupar iarmharach 1,0 m ar a laghad sa riocht damáiste is measa gan éifeacht thoirt an uisce a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a chur san áireamh;

2.5.3. beidh na scupair sin suite laistigh d'airde 0,6 m os cionn na deice róró a bhfuil damáiste déanta di, agus beidh imeall íochtarach na scupar laistigh de 2 cm os cionn na deice róró a bhfuil damáiste déanta di;

2.5.4. beidh na scupair sin feistithe le gléasanna dúnta nó flapaí chun cosc a chur le huisce a theacht isteach sa deic róró agus, an tráth céanna, ligean d'uisce a d'fhéadfadh carnadh ar an deic róró le draenáil.

2.6. I gcás ina dtoimhdítear go bhfuil damáiste déanta do bhulcaid os cionn na deice róró, toimhdítear go bhfuil an dá urrann atá ar theorainn na bulcaide faoi uisce ag an airde chéanna de dhromchla an uisce mar a ríomhtar i ⌦ bpointí ⌫ 1.1 nó 1.3.

3. Agus tonnairde shuntasach á cinneadh, úsáidfear na tonnairdí a thugtar ar na léarscáileanna nó ar an liosta de limistéir farraige arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 5 den Treoir seo.

---

▼ 2023/946 (oiriúnaithe)

3.1. I gcás long, nach bhfuil le hoibriú ach le linn tréimhse níos giorra de réir bhrí Airteagal ⌦ 8 ⌫ , tiocfaidh Stáit Chalafoirt a áirítear sa bhealach ar chomhaontú maidir leis an tonnairde shuntasach is infheidhme.

---

▼ 2003/25/CE

4. Déanfar na tástálacha samhla i gcomhréir leis an bhFoscríbhinn.

---

▼ 2023/946

**ROINN B**

Comhlíonfar na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II-1, Cuid B, de SOLAS 2020. Mar sin féin, de mhaolú ar Rialachán II-1/B/6.2.3 de SOLAS 2020, déanfar an t-innéacs foroinne R is gá a chinneadh mar seo a leanas:

| Daoine ar bord (N) | Innéacs Foroinne (R) |
|---|---|
| N < 1000 | R = 0,000088 * N + 0,7488 |
| 1000 ≤N ≤ 1350 | R = 0,0369 * ln<br>(N + 89,048) + 0,579 |

Más rud é go:

| | | |
|---|---|---|
| N | = | líon iomlán na ndaoine ar bord. |

↓ 2005/12/CE (oiriúnaithe)

**Foscríbhinn**

MODH TÁSTÁLA SAMHLA

**1. Cuspóirí**

Is éard atá sa mhodh tástála samhla athbhreithnithe sin athbhreithniú ar an modh a leagtar ⌦ síos san ⌫ Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le rún 14 ó Chomhdháil SOLAS 1995. Ó tháinig Comhaontú Stócólm i bhfeidhm, rinneadh roinnt tástálacha samhla i gcomhréir leis an modh tástála a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Le linn na dtástálacha sin sainaithníodh roinnt mionchoigeartuithe ar na nósanna imeachta. Is é is aidhm don mhodh tástála samhla nua sin na mionchoigeartuithe sin a chur san áireamh agus, in éineacht leis na Nótaí Treorach atá i gceangal leis seo, nós imeachta níos láidre a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar mharthanacht loinge paisinéirí róró a ndearnadh damáiste di ar mhuirbhealach. Sna tástálacha dá bhforáiltear i ⌦ Roinn A, pointe ⌫ 1.4 de, ba cheart don long a bheith in ann muirbhealach a sheasamh mar a shainmhínítear i ⌦ bpointe ⌫ 4 thíos i gcás an damáiste is measa.

**2. Sainmhínithe**

| | |
|---|---|
| $L_{BP}$ | an fad idir ingir |
| $H_S$ | an tonnairde shuntasach |
| B | leithead inmheánach na loinge |
| $T_P$ | an buaic-am |
| $T_Z$ | tréimhse trasnaithe nialasaigh |

**3. Samhail na loinge**

3.1. Ba cheart don tsamhail an long iarbhír a chóipeáil le haghaidh foirmíocht sheachtrach agus socrú inmheánach araon, go háirithe na spásanna damáistithe uile a bhfuil éifeacht acu ar an bpróiseas tuile agus tógála uisce ar bord. Ba cheart doimhneacht snámha, trim agus sáil shlán agus KG oibríochtúil teorantach a chomhfhreagraíonn don chás is measa damáiste a úsáid. Thairis sin, ba cheart an cás/na cásanna tástála atá le cur san áireamh a bheith ina léiriú ar an gcás/na cásanna is measa damáiste a shainítear i gcomhréir le rialachán SOLAS II-1/8.2.3.2 maidir leis an achar iomlán faoin gcuar dearfach GZ agus ba cheart lárlíne oscailt an damáiste a bheith suite laistigh den raon seo a leanas:

3.1.1. ± 35 % $L_{BP}$ ón lár loinge;

3.1.2. beidh tástáil bhreise i gcás an damáiste is measa laistigh de ± 10 % LBP ón lár loinge má tá an cás damáiste dá dtagraítear in .1 lasmuigh de ± 10 % LBP ón lár loinge.

3.2. Ba cheart don tsamhail an méid seo a leanas a chomhlíonadh:

3.2.1. ⌦ ní bheidh $L_{BP}$ níos lu ná ⌫3 m ar a laghad nó fad a chomhfhreagraíonn do scála samhla 1:40, cibé acu is mó, agus an méid ingearach suas le trí airde chaighdeánacha forstruchtúir ar a laghad os cionn na deice bulcaide (scupar);

3.2.2. níor cheart tiús cabhlach na spásanna faoi uisce a bheith níos mó ná 4 mm;

3.2.3. i riocht slán agus riocht damáistithe araon, ba cheart don tsamhail na marcanna cearta toillíochta agus doimhneachta snámha ($T_A$, $T_M$, $T_F$, clébhord agus deasbhord) a chomhlíonadh, le lamháltas uasta + 2 mm in aon mharc doimhneachta snámha amháin. Ba cheart na marcanna doimhneachta snámha tosaigh agus deiridh a bheith suite cé chomh gar agus is indéanta don FP agus AP;

3.2.4. ba cheart na hurranna agus na spásanna róró uile a bhfuil damáiste déanta dóibh a shamhaltú leis na tréscaoilteachtaí dromchla agus toirte cearta (luachanna agus dáiltí iarbhír) lena n-áiritheofar go ndéanfar mais agus dáileadh maise uisce tuile a léiriú i gceart;

3.2.5. ba cheart saintréithe gluaiseachta na loinge iarbhír a shamhaltú i gceart, agus aird ar leith á tabhairt ar lamháltas slán GM agus ar ghathanna gíorála i ngluaisne rolla agus claonta. Ba cheart an dá gha a thomhas san aer agus a bheith i raon 0,35B go 0,4B i gcás gluaisne rolla, agus 0,2LOA go 0,25LOA i gcás gluaisne claonta;

3.2.6. maidir le príomhghnéithe dearaidh amhail bulcaidí uiscedhíonacha, éalú aeir, etc., os cionn agus faoi bhun na deice bulcaide a bhféadfadh tuilte neamhshiméadracha a bheith mar thoradh orthu, ba cheart iad a shamhaltú i gceart a mhéid is indéanta chun an fíorstaid a léiriú; Ba cheart socruithe aerála agus crostuilte a thógáil go trasghearradh íosta 500 $mm^2$;

3.2.7. ba cheart cruth oscailt an damáiste a bheith mar a leanas:

1. próifíl thraipéasóideach le taobh ag fána 15° leis an gceartingear agus an leithead ag an líne snámha deartha a shainítear de réir rialachán SOLAS II-1/8.4.1;
2. próifíl thriantánach chomhchosach sa phlána cothrománach agus an airde cothrom le B/5 de réir rialachán SOLAS II-1/8.4.2. Má tá cásálacha taoibh feistithe laistigh de B/5, níor cheart fad damáistithe na gcásálacha taoibh a bheith níos lú ná 25 mm;
3. d'ainneoin fhorálacha ⌦ phointí ⌫ 3.2.7.1 agus 3.2.7.2 thuas, na hurranna uile a mheastar a bheith damáistithe agus an cás/na cásanna is measa damáiste dá dtagraítear i ⌦ bpointe ⌫3.1 á ríomh, ba cheart iad a bheith faoi uisce sna tástálacha samhla;

3.3. Ba cheart an tsamhail sa choinníoll cothramaíochta faoi uisce a shíneadh le huillinn bhreise a chomhfhreagraíonn dó sin a ionduchtaítear le móimint an tsíneacháin $M_h = \max (M_{pass}; M_{launch})\text{-}M_{wind}$, ach níor cheart an síneadh deiridh a bheith níos lú ná 1*o* i dtreo damáiste in aon chás. Tá $M_{pass}$, $M_{launch}$ agus $M_{wind}$ mar a shonraítear iad i rialachán SOLAS II-1/8.2.3.4. I gcás longa atá ann cheana, féadfar glacadh leis an uillinn sin mar 1*o*.

**4. Nós imeachta le haghaidh turgnamh**

4.1. Ba cheart an tsamhail a thástáil ar mhuirbhealach neamhrialta fadchíorach arna shainiú ag speictream JONSWAP le tonnairde shuntasach HS, fachtóir feabhsaithe buaice $\gamma = 3{,}3$ agus buaicthréimhse. Is é $H_S$ an tonnairde shuntasach le haghaidh an limistéir oibríochta, nach sáraítear le dóchúlacht is mó ná 10 % ar bhonn bliantúil, ach atá teoranta d'uasmhéid 4 m.

Thairis sin,

4.1.1. ba cheart leithead an imchuach a bheith leordhóthanach chun teagmháil nó idirghníomhaíocht eile le taobhanna an imchuach a sheachaint agus moltar gan é a bheith níos lú ná LBP + 2 m;

4.1.2. ba cheart doimhneacht an imchuach a bheith leordhóthanach chun tonnta a shamhaltú i gceart ach níor cheart í a bheith níos lú ná 1 m;

4.1.3. chun tonnfhíorú ionadaíoch a úsáid, ba cheart tomhais a dhéanamh roimh an tástáil ag trí shuíomh éagsúla laistigh de raon an tsíobtha;

4.1.4. ba cheart an tonntóireadóir is gaire don tonndéantóir a bheith suite ag an suíomh ina gcuirtear an tsamhail nuair a thosaíonn an tástáil;

4.1.5. ba cheart inathraitheacht in HS agus TP a bheith laistigh de ± 5 % i gcás na dtrí shuíomh;

4.1.6. le linn na dtástálacha, chun críoch formheasta, ba cheart lamháltas + 2,5 % in HS, ± 2,5 % in TP agus ± 5 % in TZ a bheith ceadaithe agus tagairt á déanamh don tóireadóir is gaire don tonndéantóir.

4.2. Ba cheart an tsamhail a bheith saor le himeacht le sruth agus a bheith curtha i bhfarraigí cliathánacha (treo-cheann 90°) leis an bpoll damáiste os comhair na dtonnta atá ag teacht ina treo, gan aon chóras múrála a bheith ceangailte go buan den tsamhail a úsáidtear. Chun treo-cheann farraige cliathánaí thart ar 90° a choinneáil ar bun le linn na tástála samhla, ba cheart na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

4.2.1. ba cheart línte rialaithe treo-chinn, atá beartaithe le haghaidh mionchoigeartú, a bheith suite ag lárlíne an bhaill agus an deiridh, ar bhealach siméadrach agus ar leibhéal idir suíomh KG agus an líne snámha a bhfuil damáiste déanta di;

4.2.2. ba cheart an luas cóiste a bheith cothrom le luas síobtha iarbhír na samhla agus ba cheart coigeartú luais a dhéanamh nuair is gá.

4.3. Ba cheart 10 dturgnamh ar a laghad a dhéanamh. Ba cheart fad na tréimhse tástála le haghaidh gach turgnaimh a bheith chomh fada sin go mbeidh an tsamhail ina stad, ach gan é a bheith níos lú ná 30 nóiméad ar scála iomlán. Ba cheart fíorú tonnsraithe éagsúil a úsáid le haghaidh gach turgnaimh.

**5. Critéir mharthanachta**

Ba cheart a mheas go bhfuil an tsamhail marthanach má tá sí ina stad le haghaidh na dtástálacha comhleanúnacha mar a cheanglaítear i ⌦ bpointe ⌫ 4.3. Measfar go bhfuil an tsamhail iompaithe béal fúithi má tharlaíonn uillinneacha rolla níos mó ná 30*o* leis an ais ingearach nó (meán)sáil fhoistineach níos mó ná 20*o* ar feadh tréimhse níos faide ná 3 nóiméad ar scála iomlán, fiú má bhíonn sí ina stad.

**6. Doiciméadacht tástála**

6.1. Ba cheart don chóras Riaracháin an clár tástála samhla a fhormheas roimh ré.

6.2. Ba cheart na tástálacha a dhoiciméadú trí bhíthin tuarascála agus físeáin nó taifid amhairc eile ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile faoin tsamhail agus faoi thorthaí na dtástálacha, atá le formheas ag an gcóras ⌦ riaracháin ⌫. Ba cheart a áireamh orthu sin, ar a laghad, speictrim tonnta theoiriciúla agus thomhaiste agus staidreamh ($H_S$, $T_P$, $T_Z$) airde na dtonnta ag na trí shuíomh éagsúla san abhantrach le haghaidh fíorú ionadaíoch, agus ⌦ , ⌫ i gcás na dtástálacha leis an tsamhail, amshraith an

phríomhstaidrimh maidir le hairde na dtonnta tomhaiste gar don tonndéantóir agus taifid ar ghluaisní samhla rollta, pollta agus tumtha, agus ar luas an tsíobtha.

▼ 2003/25/CE

# IARSCRÍBHINN II

## TREOIRLÍNTE TÁSCACHA LE hAGHAIDH NA gCÓRAS RIARACHÁIN NÁISIÚNTA

**dá dtagraítear in Airteagal 6(3)**

**CUID I**

**CUR I bhFEIDHM**

▼ 2023/946 (oiriúnaithe)

I gcomhréir le forálacha Airteagal 6(3) den Treoir seo, bainfidh údaráis náisiúnta riaracháin na mBallstát úsáid as na treoirlínte seo agus na ceanglais chobhsaíochta shonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Roinn A, á gcur i bhfeidhm acu, a mhéid a bheidh sé sin indéanta agus comhoiriúnach le dearadh na loinge atá i gceist. Freagraíonn uimhreacha na ⌦ bpointí ⌫ thíos do na huimhreacha atá in Iarscríbhinn I, Roinn A.

▼ 2003/25/CE (oiriúnaithe)

**⌦ Pointe ⌫ 1**

Mar chéad chéim, ní mór do gach long paisinéirí róró dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Treoir seo ⌦ Rialachán SOLAS II-1/B/8 a chomhlíonadh mar a bhfuil sé infheidhme maidir ⌫ le gach long paisinéirí a tógadh an 29 Aibreán 1990 nó ina dhiaidh sin a chomhlíonadh. Is é cur i bhfeidhm an cheanglais sin a shainíonn an saorbhord iarmharach $f_r$, rud is gá le haghaidh na ríomhanna a cheanglaítear i ⌦ bpointe ⌫ 1.1.

**⌦ Pointe ⌫ 1.1**

1. Tugtar aghaidh sa ⌦ phointe ⌫ seo ar chur i bhfeidhm méid hipitéiseach uisce arna charnadh ar an deic bhulcaide (róró). Toimhdítear go ndeachaigh an t-uisce isteach sa deic trí oscailt damáiste. Ceanglaítear leis an ⌦ bpointe ⌫ seo go gcomhlíonfaidh an long, anuas ar na ceanglais iomlána chaighdeán ⌦ Rialachán SOLAS II-1/B/8, ⌫a chomhlíonadh, an chuid sin de chritéir SOLAS 90 ⌦ a leagtar amach ⌫ i bpointí 2.3 go 2.3.4 de Rialachán II-1/B/8 leis an méid sainithe uisce ar an deic. Le haghaidh an ríomha sin, ní gá aon cheanglas eile de chuid Rialachán ⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8 a chur san áireamh. Mar shampla, ní gá don long, le haghaidh an ríomha sin, na ceanglais a chomhlíonadh maidir le huillinneacha cothromaíochta nó neamh-bhá na himeall-líne.

2. Cuirtear an t-uisce carntha leis mar ualach leachtach le dromchla coiteann amháin laistigh de na hurranna uile a thoimhdítear a bheith faoi uisce ar dheic na gcarranna. Tá airde ($h_w$) an uisce ar an deic ag brath ar an saorbhord iarmhartach ($f_r$) tar éis damáiste, agus déantar í a thomhas i bhfoirm an damáiste (féach fíor 1). Is é an saorbhord iarmharach an t-achar íosta idir an deic róró a bhfuil damáiste déanta di agus an líne snámha dheiridh (tar éis bearta cothromaithe má rinneadh ceann ar bith) maidir leis an damáiste thoimhdithe tar éis scrúdú a dhéanamh ar gach cás damáiste a d’fhéadfadh a bheith ann agus comhlíonadh ⌦ Rialachán SOLAS II-1/B/8 ⌫á chinneadh mar a cheanglaítear i ⌦ bpointe ⌫ 1 d’Iarscríbhinn I. Níor ⌦ chuirfear

san áireamh ⌫ éifeacht mhéid hipitéiseach an uisce a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a chur san áireamh agus $f_r$ á ríomh.

3. Má tá $f_r$ 2,0 m nó níos mó, toimhdítear nach gcarnann aon uisce ar an deic róró. Má tá $f_r$ 0,3 m nó níos lú, toimhdítear go bhfuil an airde $h_w$ 0,5 m. Faightear airdí idirmheánacha uisce trí idirshuíomh líneach (féach fíor 2).

**⌦ Pointe ⌫1.2**

Ní féidir modhanna draenála uisce a mheas mar mhodhanna éifeachtacha ach amháin má tá na modhanna sin in ann carnadh méideanna móra uisce ar an deic a chosc, i.e. na mílte tona in aghaidh na huaire, méid atá i bhfad níos mó ná na hacmhainneachtaí a fheistítear tráth glactha na rialachán sin. Féadfar córais draenála ardéifeachtúlachta den sórt sin a fhorbairt agus a fhormheas amach anseo (bunaithe ar threoirlínte atá le forbairt ag an ⌦ IMO ⌫ )

**⌦ Pointe ⌫ 1.3**

1. Féadfar méid an uisce a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic, de bhreis ar aon laghdú i gcomhréir le ⌦ pointe ⌫ 1.1, a laghdú le haghaidh oibríochtaí i limistéir shrianta atá sainithe go geografach. Ainmnítear na limistéir sin i gcomhréir leis an tonnairde shuntasach ($h_s$) lena sainítear an limistéar i gcomhréir le forálacha Airteagal 5 den Treoir seo.
2. Má tá an tonnairde shuntasach , sa limistéar lena mbaineann, 1,5 m nó níos lú, toimhdítear nach gcarnfaidh aon uisce breise ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di. Má tá an tonnairde shuntasach sa limistéar lena mbaineann 4,0 m nó níos mó, is éard a bheidh in airde an uisce a thoimhdítear a bheith carntha an luach arna ríomh i gcomhréir le ⌦ pointe ⌫ 1.1. Luachanna idirmheánacha atá le cinneadh le hidirshuíomh líneach (féach fíor 3).
3. Coinnítear an airde hw seasmhach, dá bhrí sin, tá an méid uisce a chuirtear leis athraitheach toisc go mbraitheann sé ar uillinn an tsíneacháin agus cibé an bhfuil imeall na deice tumtha ag aon uillinn síneacháin ar leith nó nach bhfuil (féach fíor 4). Ba cheart a thabhairt faoi deara ⌦ go nglacfar leis ⌫go bhfuil tréscaoilteacht thoimhdithe na spásanna ar dheic na gcarranna le glacadh mar 90 % (dá dtagraítear in MSC/Circ.649), ach ⌦ go mbeidh ⌫ tréscaoilteacht na spásanna eile a thoimhdítear a bheith faoi uisce na cinn a ⌦ fhoráiltear ⌫ i gCoinbhinsiún SOLAS.
4. Má bhaineann na ríomhanna chun comhlíonadh na Treorach seo a léiriú le tonnairde shuntasach níos lú ná 4,0 m, ⌦ caithfear ⌫ an tonnairde shuntasach shriantach sin a thaifeadadh ar dheimhniú sábháilteachta loinge paisinéirí an tsoithigh.

**⌦ Pointí ⌫ 1.4 agus 1.5**

De rogha ar na ceanglais chobhsaíochta nua i mír 1.1 nó 1.3 a chomhlíonadh, féadfaidh córas riaracháin glacadh le cruthúnas comhlíontachta trí thástálacha samhla. Sonraítear ceanglais na tástála samhla san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I. Tá nótaí treorach maidir leis na tástálacha samhla i gcuid II den Iarscríbhinn seo.

**⌦ Pointe ⌫ 1.6**

D'fhéadfadh sé nach ⌦ nach bhfanfaidh na cuair(eanna) oibríochtúla (KG nó GM)a dhíorthaítear go traidisiúnta de bhun Rialachán SOLAS II-1/B/8 infheidhme ⌫ i gcásanna ina dtoimhdítear go bhfuil 'uisce ar deic' ann faoi théarmaí na Treorach seo agus d'fhéadfadh sé gur ghá cuar teorantach nó cuair theorannaithe athbhreithnithe a chinneadh lena gcuirtear san áireamh éifeachtaí an uisce bhreise sin. Chuige sin, ⌦ caithfear ⌫ ríomhanna

leordhóthanacha a dhéanamh a chomhfhreagraíonn do líon leordhóthanach doimhneachtaí snámha agus trime oibríochtúla.

*Tabhair faoi deara*: D'fhéadfaí cuair KG/GM oibríochtúla teorantacha athbhreithnithe a dhíorthú ó phróiseas atriallach, trína ndéantar an t-íosmhéid GM breise a eascraíonn as ríomhanna cobhsaíochta damáiste le huisce ar an deic a chur leis an ionchur KG (nó a asbhaint ón GM) a úsáidtear chun na saorbhoird dhamáistithe a chinneadh ($f_r$), ar a bhfuil na cainníochtaí uisce ar deic bunaithe, agus an próiseas sin á athdhéanamh go dtí go mbeidh an GM breise diomaibhseach.

Meastar go dtosódh oibreoirí próiseas atriallach den sórt sin leis an KG uasta/GM íosta a d'fhéadfaí a choinneáil i seirbhís go réasúnta agus go bhféachfadh sé leis an socrú maidir leis an mbulcaid deice a bheadh mar thoradh air sin a chúbláil chun an GM breise a dhíorthaítear ó ríomhanna cobhsaíochta damáiste a íoslaghdú le huisce ar an deic.

**⌦ Pointe ⌫ 2.1**

Ar an dóigh chéanna le gnáthcheanglais damáiste SOLAS, meastar bulcaidí istigh ó líne B/5 a bheith slán i gcás damáiste imbhuailte ar an taobh.

**⌦ Pointe ⌫ 2.2**

Má fheistítear sponsain struchtúracha taoibh chun comhlíonadh Rialachán⌦ SOLAS ⌫ II-1/B/8 a chumasú, agus mar thoradh air sin go bhfuil méadú ar leithead na loinge agus, dá bhrí sin, ar achar B/5 an tsoithigh ó thaobh na loinge, ní bheidh modhnú den sórt sin ina chúis le hathlonnú aon pháirt struchtúrach atá ann cheana ná le haon treá atá ann cheana ar na príomhbhulcaidí trasnacha uiscedhíonacha faoi bhun na deice bulcaide (féach fíor 5).

**⌦ Pointe ⌫ 2.3**

1. Maidir le bulcaidí/bacainní trasnacha nó fad loinge atá feistithe agus a chuirtear san áireamh chun gluaiseacht uisce a thoimhdítear a bheith carntha ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a theorannú, ní gá dóibh a bheith 'uiscedhíonach' go docht. Féadfar méideanna beaga sceite a cheadú ar choinníoll go bhfuil na forálacha draenála in ann carnadh uisce ar an 'taobh eile' den bhulcaid/bacainn a chosc. I gcásanna den sórt sin ina n-éiríonn scupair neamhoibríoch mar thoradh ar chaillteanas difríochta dearfaí idir leibhéil uisce, ⌦ caithfear ⌫ modhanna eile draenála éighníomhaí a sholáthar.

2. Ní bheidh airde ($B_h$) na mbulcaidí/na mbacainní trasnacha agus fad loinge níos lú ná ($8 \times h_w$) méadar, i gcás inarb é $h_w$ airde an uisce charntha arna ríomh tríd an saorbhord iarmhartach agus an tonnairde shuntasach (dá dtagraítear i ⌦ bpointí ⌫ 1.1 agus 1.3) a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní bhíonn airde na bulcaide/na bacainne níos lú ná an ceann is airde díobh seo a leanas i gcás ar bith:

   (a) 2,2 méadar; nó

   (b) an airde idir an deic bhulcaide agus an pointe íochtair de struchtúr íochtair dheiceanna na gcarranna idirmheánacha nó ar crochadh, nuair atá siad sin ina suíomh íslithe. Ba cheart a thabhairt faoi deara ⌦go gcaithfidh⌫ aon bhearna idir imeall uachtair na bulcaide agus taobh íochtair na plátála a bheith 'plátáilte isteach' sa treo trasnach nó san fhadtreo de réir mar is iomchuí (féach fíor 6).

   Féadfar glacadh le bulcaidí/bacainní ar airde níos lú ná an airde a shonraítear thuas, má dhéantar tástálacha samhla i gcomhréir le cuid II den Iarscríbhinn seo chun a dheimhniú go n-áirithítear leis an dearadh malartach caighdeán iomchuí modh comhchosúil tástála marthanachta. Ní mór a bheith cúramach

agus airde na bulcaide/na bacainne á socrú ionas go mbeidh an airde leordhóthanach freisin chun tuilte forchéimnitheacha laistigh den raon cobhsaíochta is gá a chosc. Ní dhéanfaidh tástálacha samhla dochar don raon sin.

*Tabhair faoi deara*: Féadfar an raon a laghdú go 10 gcéim ar choinníoll go méadófar an limistéar comhfhreagrach faoin gcuar (dá dtagraítear in MSC 64/22).

**⌦ Pointe ⌫ 2.5.1**

Baineann an limistéar 'A' le hoscailtí buana. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an rogha 'scupair' oiriúnach do longa a éilíonn buacacht an fhorstruchtúir ina iomláine nó cuid de chun na critéir a chomhlíonadh. Is é an ceanglas atá ann go mbeidh na scupair feistithe le flapaí dúnta chun cosc a chur ar theacht isteach uisce, ach chun ligean d'uisce draenáil.

Ní ⌦ cead ⌫ do na flapaí sin a bheith ag brath ar mhodhanna gníomhacha. Ní mór dóibh a bheith féinoibritheach agus ní mór a léiriú nach gcuireann siad srian suntasach ar eis-sreabhadh. Ní mór aon laghdú mór ar éifeachtúlacht a chúiteamh trí oscailtí breise a fheistiú ionas go gcoinneofar an limistéar is gá ar bun.

**⌦ Pointe ⌫ 2.5.2**

Chun go measfar go bhfuil na scupair éifeachtach, 1,0 m ar a laghad a bheidh san achar íosta ó imeall íochtarach an scupair go dtí an líne snámha a bhfuil damáiste déanta di. Ní chuirfear san áireamh i ríomh an achair íosta an éifeacht a bheadh ag aon uisce breise ar an deic (féach fíor 7).

**⌦ Pointe ⌫ 2.5.3**

⌦ Socrófar na scupair ⌫chomh híseal agus is féidir sa bhábhún taoibh nó sa phlátáil chabhlach. ⌦ Beidh ar t-imeall ⌫l íochtar oscailt an scupair a bheith níos airde ná 2 cm os cionn na deice bulcaide agus an t- imeall uachtarach na hoscailte a bheith níos airde ná 0,6 m (féach fíor 8).

*Tabhair faoi deara*: Spásanna a bhfuil feidhm ag pointe 2.5 maidir leo, i.e. na spásanna sin ina bhfuil scupair nó oscailtí comhchosúla feistithe, ní áireofar iad mar spásanna slána i ndíorthú na gcuar cobhsaíochta slán agus damáistithe.

**Pointe 2.6**

1. Cuirfear méid reachtúil an damáiste i bhfeidhm feadh fhad na loinge. Ag brath ar an gcaighdeán foroinnte, d'fhéadfadh sé nach ndéanfadh an damáiste difear d'aon bhulcaid nó d'fhéadfadh sé nach ndéanfadh sé difear ach do bhulcaid atá faoi bhun na deice bulcaide nó d'aon bhulcaid atá os cionn na deice bulcaide nó do theaglamaí éagsúla.

2. Beidh gach bulcaid/bacainn thrasnach agus faid loinge a chuireann srian ar an méid uisce a thoimhdítear a bheith carntha a bheith i bhfeidhm agus a dhaingniú i gcónaí agus an long ar muir.

3. Sna cásanna sin ina ndéantar damáiste don bhulcaid/bhacainn thrasnach, beidh leibhéal dromchla coiteann ar an dá thaobh den bhulcaid/bhacainn dhamáistithe ag airde $h_w$ ag an uisce carntha ar an deic (féach fíor 9).

▼ 2005/12/CE (oiriúnaithe)

**CUID II**

**TÁSTÁIL SAMHLA**

Is é is cuspóir do na treoirlínte seo aonfhoirmeacht a áirithiú sna modhanna a úsáidtear chun an tsamhail a thógáil agus a fhíorú agus sna tástálacha samhla a dhéanamh agus a anailísiú.

Meastar go bhfuil ábhar ⌦ phointí ⌫ 1 agus 2 den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn I féinmhínitheach.

**⌦ Pointe ⌫ 3 — Samhail loinge**

3.1. Níl an t-ábhar dá bhfuil an tsamhail déanta tábhachtach ann féin, ar choinníoll go bhfuil an tsamhail sa riocht slán agus sa riocht damáistithe araon sách docht chun a áirithiú go bhfuil a hairíonna hidreastatacha mar an gcéanna le hairíonna na loinge iarbhír agus freisin go bhfuil freagairt sholúbtha na cabhlach i dtonnta diomaibhseach.

Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar na hurranna damáistithe a shamhaltú chomh cruinn agus is féidir go praiticiúil chun a áirithiú go léireofar toirt cheart an uisce tuilte.

Ós rud é go ndéanfaidh uisce a bheith ag dul isteach (fiú méideanna beaga) sna codanna slána den tsamhail difear dá iompraíocht, ⌦ caithfear ⌫ bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach dtarlóidh an dul isteach sin.

I dtástálacha samhla a bhain leis na damáistí SOLAS is measa gar do dheireadh na loinge, tugadh faoi deara nárbh fhéidir tuilte a bheith ann de réir a chéile mar gheall ar an gclaonadh a bhí san uisce ar an deic carnadh gar d'oscailt an damáiste agus, dá bhrí sin, sreabhadh amach. Ós rud é go raibh samhlacha den sórt sin in ann maireachtáil i staideanna farraige an-ard, agus gur iompaigh siad béal fúthu i staideanna farraige níos lú agus damáistí SOLAS níos lú déanta dóibh, ar shiúl ó na deirí, tugadh isteach an teorainn ± 35 % chun é sin a chosc.

Tá sé léirithe go soiléir i dtaighde fairsing a rinneadh chun critéir iomchuí a fhorbairt le haghaidh soithí nua, sa bhreis ar GM agus saorbhord a bheith ina bparaiméadair thábhachtacha maidir le marthanacht long paisinéirí, gur toisc mhór eile é an limistéar faoin gcuar cobhsaíochta iarmharaí. Dá bhrí sin, agus an damáiste SOLAS is measa á roghnú maidir le ceanglas ⌦ phointe ⌫ 3.1 a chomhlíonadh, glacfar leis gurb é an damáiste is measa an damáiste a thugann an limistéar is lú faoin gcuar cobhsaíochta iarmharaí.

3.2. Sonraí na samhla

3.2.1. Agus é á aithint go bhfuil ról tábhachtach ag éifeachtaí scála in iompraíocht na samhla le linn tástálacha, tá sé tábhachtach a áirithiú go n-íoslaghdaítear na héifeachtaí sin a mhéid is féidir go praiticiúil. ⌦ Caithfear ⌫ an tsamhail a bheith chomh mór agus is féidir ós rud é go bhfuil sé níos éasca sonraí na n-urrann a bhfuil damáiste déanta dóibh a thógáil i samhlacha níos mó agus go laghdaítear na héifeachtaí scála. Dá bhrí sin, ceanglaítear nach mbeidh fad na samhla níos lú ná an fad a chomhfhreagraíonn do scála 1:40 nó 3 m, cibé acu is mó.

Fuarthas amach le linn tástálacha gur féidir le méid ingearach na samhla difear a dhéanamh do na torthaí nuair a dhéantar tástáil dhinimiciúil. Dá bhrí sin, ceanglaítear go samhaltófar an long go trí airde chaighdeánacha forstruchtúir ar a laghad os cionn na deice bulcaide (scupar) ionas nach mbrisfidh tonnta móra na tonnsraithe thar an tsamhail.

3.2.2. ⌦ Caithfear ⌫an tsamhail maidir leis na damáistí toimhdithe a bheith chomh tanaí agus is féidir go praiticiúil chun a áirithiú go ndéanfar an méid uisce ó thuilte agus a mheáchanlár a léiriú go leordhóthanach. ⌦Caithfidh⌫tiús na cabhlach ⌦a⌫ bheith níos mó ná 4 mm. Aithnítear go bhféadfadh sé nach bhféadfaí an chabhail shamhlach agus eilimintí na foroinne príomhúla agus tánaistí maidir leis an damáiste a thógáil ar bhealach atá mionsonraithe go leor agus mar gheall ar na teorainneacha tógála sin, d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí tréscaoilteacht thoimhdithe an spáis a ríomh go cruinn.

3.2.3. Tá sé tábhachtach ní hamháin go bhfíoraítear na doimhneachtaí atá sa riocht slán, ach go ndéantar doimhneachtaí na samhla damáistithe a thomhas go cruinn freisin lena gcomhghaolú leo siúd a dhíorthaítear ó ríomh na cobhsaíochta damáistithe. Ar chúiseanna praiticiúla glactar le lamháltas + 2 mm in aon doimhneacht.

3.2.4. Tar éis na doimhneachtaí damáistithe a thomhas, d'fhéadfadh sé gur ghá tréscaoilteacht na hurrainne damáistithe a choigeartú trí thoirteanna slána a thabhairt isteach nó trí mheáchain a chur léi. Mar sin féin, tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go ndéanfar léiriú cruinn ar mheáchanlár an uisce ó thuilte. Sa chás sin, ⌦ tabharfar ⌫tosaíocht don tsábháilteacht.

Más gá an tsamhail a fheistiú le bacainní ar an deic agus más lú na bacainní ná airde na bulcaide a léirítear thíos, ⌦ caithfear ⌫an tsamhail a fheistiú le TCI ionas gur féidir faireachán a dhéanamh ar aon 'forsceitheadh' agus ar aon charnadh uisce ar limistéar na deice nach bhfuil damáiste déanta dó. Sa chás sin, beidh fístaifeadadh den imeacht ⌦ ina ⌫chuid de na taifid tástála.

Maidir leis na bulcaidí trasnacha nó na bulcaidí fad loinge a chuirtear san áireamh mar bhulcaidí éifeachtacha chun an t-uisce farraige a thoimhdítear a bheith carntha san urrann lena mbaineann ar an deic róró a bhfuil damáiste déanta di a theorannú, ⌦ beidh siad ⌫ 4 m ar airde ach amháin má tá airde an uisce níos lú ná 0,5 m. I gcásanna den sórt sin, féadfar airde na bulcaide a ríomh i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

$B_h = 8h_w$

áit arb é $B_h$ airde na bulcaide; agus

agus áit arb é $h_w$ airde an uisce.

In aon chás, ⌦ ní bheidh ⌫ íosairde na bulcaide a bheith níos lú ná 2,2 m. Mar sin féin, i gcás long ar a bhfuil deiceanna na gcarranna ar crochadh, ⌦ ní bheidh ⌫ íosairde na bulcaide a bheith níos lú ná an airde chuig imeall uachtair dheic na gcarranna ar crochadh nuair atá sí sa suíomh íslithe.

3.2.5. Chun a áirithiú go dtagann saintréithe ghluaisne na samhla le saintréithe na loinge iarbhír, tá sé tábhachtach go mbeidh an tsamhail claonta agus rollta sa riocht slán ionas go bhfíorófar an GM slán agus an dáileadh maise ⌦ Beidh dáileadh na ⌫ maise a thomhas san aer. ⌦Beidh⌫ ga trasnach gíorála na

loinge iarbhír a bheith sa raon 0,35B go 0,4B agus ⌦beidh⌫ an fadgha gíorála a bheith sa raon 0,2L go 0,25L.

Tabhair faoi deara: Cé go bhféadfar glacadh leis an tsamhail a chlaonadh agus a rolladh sa riocht damáistithe mar sheiceáil chun an cuar cobhsaíochta iarmharaí a fhíorú, níor cheart glacadh leis na tástálacha sin in ionad na dtástálacha slána.

3.2.6. Toimhdítear gur leor aerálaithe urrann damáiste na loinge iarbhír le haghaidh tuilte gan bhac agus gluaiseacht an uisce ó thuilte. Mar sin féin, agus iarracht á déanamh socruithe aerála na loinge iarbhír a laghdú, féadfar éifeachtaí scála neamh-inmhianaithe a thabhairt isteach sa tsamhail. Chun a áirithiú nach dtarlóidh aon éifeacht den sórt sin, moltar na socruithe aerála a thógáil ar scála níos mó ná scála na samhla, lena n-áiritheofar nach ndéanfaidh sé sin difear do shreabhadh an uisce ar dheic na gcarranna.


3.2.7. Meastar gurb iomchuí cruth damáiste a mheas a bheadh ionadaíoch do thrasghearradh den long a rinne an t-imbhualadh ar cheann na loinge. Tá an uillinn 15° bunaithe ar staidéar ar an gcrosghearradh ag achar B/5 ó cheann an bháid le haghaidh rogha ionadaíoch soithí de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla.

Is í próifíl thriantánach chomhchosach chruth an damáiste phriosmaigh an phróifíl a chomhfhreagraíonn don ualachlíne.

Ina theannta sin, i gcásanna ina bhfuil cásálacha taoibh is lú ná B/5 feistithe agus chun aon éifeacht scála a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ⌦ ní bheidh ⌫ fad an damáiste ar na cásálacha taoibh a bheith níos lú ná 25 mm.

3.3. Sa mhodh tástála samplach bunaidh de ⌦ Rún ⌫ 14 ó Chomhdháil SOLAS 1995, níor breithníodh an éifeacht a bhí ag an síneadh a ionduchtaíodh leis an uasmhóimint a d'eascair as aon phlódú paisinéirí, seoladh árthaí marthanais, gaoth agus casadh cé go raibh an éifeacht sin mar chuid de SOLAS. Léirigh torthaí ó imscrúdú, áfach, go mbeadh sé stuama na héifeachtaí sin a chur san áireamh agus an tsáil 1° ar a laghad a choinneáil i dtreo an damáiste chun críoch praiticiúil. ⌦ Ba cheart ⌫a thabhairt faoi deara gur measadh nach raibh síneadh mar gheall ar chasadh ábhartha.

3.4. I gcásanna ina bhfuil corrlach in GM sna dálaí luchtaithe iarbhír i gcomparáid leis an gcuar teorannaithe GM (a dhíorthaítear ó SOLAS 90), féadfaidh an córas ⌦ riaracháin ⌫ glacadh leis go mbaintear leas as an gcorrlach sin sa tástáil samhla. I gcásanna den sórt sin, ⌦ déanfar ⌫ an cuar teorannaithe GM a choigeartú. Is féidir an coigeartú sin a dhéanamh mar a leanas:




$d = d_S - 0{,}6\ (d_S - d_{LS})$

áit arb é $d_S$ doimhneacht snámha na foroinne; agus $d_S$ doimhneacht snámha na loinge solais.

Is líne dhíreach é an cuar coigeartaithe idir an GM a úsáidtear sa tástáil samhla ag doimhneacht snámha na foroinne agus trasnú chuar bunaidh SOLAS 90 agus doimhneacht snámha d.

**⌦Pointe⌫ 4 — Nós imeachta le haghaidh turgnamh**

4.1. Speictrim thonnta

⌦ Úsáidfear ⌫ speictream JONSWAP toisc go dtuairiscítear leis sin farraigí atá teoranta ó thaobh faid agus réim na gaoithe de agus a chomhfhreagraíonn d'fhormhór na ndálaí ar fud an domhain. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach ní hamháin go bhfíoraítear buaicthréimhse na tonnsraithe ach go bhfíoraítear freisin go bhfuil an tréimhse trasnaithe nialais ceart.

Ceanglaítear go ndéanfar an speictream tonnta a thaifeadadh agus a dhoiciméadú i gcás gach tástála. ⌦ Déanfar ⌫ tomhais don taifeadadh ⌦ seo ⌫ag an tóireadóir is gaire don mheaisín tonndéantóra.

Ceanglaítear freisin an tsamhail a ionstraimiú ionas go ndéanfar faireachán ar a gluaisne (rolladh, polladh agus tumadh) chomh maith lena sainstiúir (sáile, bá agus trim) agus go ndéanfar iad a thaifeadadh i rith na tástála.

Fuarthas amach nach bhfuil sé praiticiúil teorainneacha absalóideacha a shocrú le haghaidh tonnairdí suntasacha, buaicthréimhsí agus tréimhsí trasnaithe nialais de na speictrim tonnta samplacha. Dá bhrí sin, tugadh isteach corrlach inghlactha.

4.2. Chun cur isteach an chórais múrála ar dhinimic na loinge a sheachaint ⌦ leanfaidhan cóiste ⌫ tuála (a bhfuil an córas múrála ceangailte leis) an tsamhail ar a luas síobtha iarbhír. I staid farraige ina bhfuil tonnta neamhrialta, ní bheidh luas an tsíobtha seasmhach; bheadh ascaluithe móra síobtha aimplitiúide ísealmhinicíochta mar thoradh ar luas seasta cóiste, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iompar na samhla.

4.3. Tá gá le líon leordhóthanach tástálacha i dtonnsraitheanna éagsúla chun iontaofacht staidrimh a áirithiú, i.e. is é an cuspóir atá ann a chinneadh, le leibhéal ard muiníne, go n-iompróidh long neamhshábháilte béal fúithi sna dálaí roghnaithe. Meastar go soláthraítear leibhéal réasúnta iontaofachta le 10 rith ar a laghad.

**⌦ Pointe ⌫ 5 — Critéir mharthanachta**

Meastar go bhfuil ábhar ⌦an phointe⌫seo féinmhínitheach.

**⌦ Pointe ⌫ 6 — Formheas tástála**

Beidh na doiciméid seo a leanas mar chuid den tuarascáil chuig an gcóras riaracháin:

(a) ríomhanna cobhsaíochta damáiste le haghaidh an damáiste SOLAS is measa agus an damáiste is measa ar lár na loinge (más tá siad difriúil);

(b) léaráid de shocrú ginearálta na samhla mar aon le mionsonraí maidir le tógáil agus ionstraimíocht;

(c) tástáil cobhsaíochta agus tomhais gathanna gíorála;

(d) speictrim tonnta ainmniúla agus tomhaiste (ag na trí shuíomh éagsúla le haghaidh fíorú ionadaíoch agus le haghaidh na dtástálacha leis an tsamhail ón tóireadóir is gaire don tonndéantóir);

(e) taifead ionadaíoch ar ghluaisní samhla, ar shainstiúir agus ar shíobadh;

(f) fístaifeadtaí ábhartha.

**Tabhair faoi deara:**

⌦ Beidh ar an ⌫ riaracháin gach tástáil a fhianú.

---

▼ 2023/946 (oiriúnaithe)

# IARSCRÍBHINN III

## *MIONSONRAÍ MAIDIR LE FÓGRA A THABHAIRT*

Sonraí a bhfuil fógra le tabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(2):

I. Sonraí ginearálta

(1) Ceanglais chobhsaíochta is infheidhme: Roinn A nó Roinn B d'Iarscríbhinn I

(2) Uimhir aitheantais na loinge (uimhir IMO, Glao-chomhartha)

(3) Na príomh-mhionsonraí

(4) Plean eagraithe ginearálta

(5) An líon daoine ar bord

(6) An t-olltonnáiste (GT)

(7) An long dhá cheann atá ann: Is ea/Ní hea

(8) An bhfuil bolg íseal fada ag an long: Tá/Níl

II. Sonraí sonracha – le haghaidh longa paisinéirí róró atá faoi réir na gceanglas dochúlaíoch a leagtar amach i gCoinbhinsiún SOLAS

(1) $d_l$, $d_p$, $d_s$;

(2) R – an t-innéacs is gá;

(3) plean an leagan amach (plean sláine uiscedhíonachta) do na fo-rannáin le gach pointe oscailte inmheánach agus seachtrach lena n-áirítear a bhforannáin atá nasctha, agus na mionsonraí a úsáidtear chun na spásanna a thomhas, amhail plean eagraithe ginearálta agus plean umair; ⌦ beidh ar ⌫ teorainneacha na bhforannán, teorainneacha fadleibhéil, trasnacha agus ceartingearacha, a áireamh[1];

(4) an t-innéacs foroinne A a bhaintear amach ag a bhfuil tábla achomair maidir leis na ranníocaíochtaí go léir do na limistéir uile a rinneadh damáiste dóibh[2] le colún ar leith leis an innéacs foroinne insroichte (w*p*v);

(5) i gcásanna damáiste do Limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir (w*p*v)), is é sin $s = 0$, $s = 1$ agus $0<s< 1$;

(6) i gcásanna damáiste do Limistéir 1 agus 2, an céatadán de chásanna damáiste a bhain le spásanna róró nár imscrúdaíodh (i.e. cásanna nár cuireadh san áireamh san fhachtóir (w*p*v)), is é sin $s = 0$, $s = 1$ agus $0<s< 1$;

(7) i gcás gach damáiste a chuireann leis an innéacs foroinne A a bhaintear amach, spásanna tuilte a shainaithint, luach ranníocaíochta agus fachtóir "s"[3];

---

[1] ⌦ Cuirfear ⌫ an doiciméadacht seo faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.2 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.

[2] ⌦ Cuirfear ⌫á an doiciméadacht seo faoi bhráid na n-údarás riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.

(8) mionsonraí maidir le damáistí neamh-rannchuidithe (s = 0 agus p > 0) le haghaidh longa paisinéirí róró atá feistithe le bolg íseal fada, lena n-áirítear mionsonraí iomlána maidir leis na fachtóirí ríofa[4].

III. Sonraí ginearálta – le haghaidh longa paisinéirí róró a gcuirtear Iarscríbhinn I, Roinn A, i bhfeidhm maidir leo

(1) Modh comhlíonta:

– Tástálacha Samhaltaithe

– Ríomhanna

Cuir in iúl ar seachnaíodh na ríomhanna i ndáil le huisce ar an deic, de bharr, mar shampla, an saorbhord iarmharach a bheith níos airde ná 2.0 m i ngach cás a raibh damáiste ann: Seachnaíodh/Níor seachnaíodh

(2) Tonnairde shuntasach de bhun ⌦ please add a reference to the new directive replacing Directive 2003/25/EC ⌫

---

[3] ⌦ Cuirfear ⌫ an doiciméadacht seo le cur faoi bhráid na riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.

[4] ⌦ Cuirfear ⌫ an doiciméadacht seo le cur faoi bhráidna riaracháin i gcomhréir le pointe 2.3.1 den Fhoscríbhinn a ghabhann le Rún MSC.429(98) ó IMO.

▼

## IARSCRÍBHINN IV

### Cuid A

**Treoir Aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi**
(dá dtagraítear in Airteagal 13)

| | |
|---|---|
| Directive 2003/25/EC of the European Parliament and of the Council<br>(OJ L 123, 17.5.2003, p. 22,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/25/oj) | |
| Commission Directive 2005/12/EC<br>(OJ L 48, 19.2.2005, p. 19,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/12/oj) | |
| Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>OJ [ms] L 311 , [ms] , lgh. 1,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1137/oj) | Iarscríbhinn amháin, pointe 9.10 |
| Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 198, 25.7.2019, lgh. 241,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1243/oj) | Iarscríbhinn amháin, pointe IX.4 |
| Treoir (AE) 2023/946 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(OJ L 128, , lgh. 1,<br>ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/946/oj) | |

### Cuid B

**Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta agus dátaí cur i bhfeidhm**
(dá dtagraítear in Airteagal 13)

| Treoir | Teorainn ama don trasuí | |
|---|---|---|
| 2003/25/CE | 17 Samhain 2004 | |
| 2005/12/CE | 11 Márta 2006 | |
| 2023/946/ AE | 5 Nollaig 2024 | |

_____________

# IARSCRÍBHINN V

**TÁBLA COMHGHAOIL**

| Treoir 2003/25/CE | An Treoir seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh | Airteagal 2, an fhoclaíocht tosaigh |
| Airteagal 2, pointe (a) | Airteagal 2, pointe (6) |
| Airteagal 2, pointe (b) | Airteagal 2, pointe (7) |
| Airteagal 2, pointe (c) | Airteagal 2, pointe (8) |
| Airteagal 2, pointe (d) | Airteagal 2, pointe (9) |
| Airteagal 2, pointe (e) | Airteagal 2, pointe (1) |
| Airteagal 2, pointe (ea) | Airteagal 2, pointe (2) |
| Airteagal 2, pointe (eb) | Airteagal 2, pointe (3) |
| Airteagal 2, pointe (ec) | Airteagal 2, pointe (4) |
| Airteagal 2, pointe (f) | Airteagal 2, pointe (10) |
| Airteagal 2, pointe (g) | Airteagal 2, pointe (5) |
| Airteagal 2, pointe (h) | Airteagal 2, pointe (11) |
| Airteagal 2, pointe (i) | Airteagal 2, pointe (12) |
| Airteagal 2, pointe (j) | Airteagal 2, pointe (13) |
| Airteagal 2, pointe (k) | Airteagal 2, pointe (14) |
| Airteagal 2, pointe (l) | Airteagal 2, pointe (15) |
| Airteagal 2, pointe (m) | Airteagal 2, pointe (16) |
| Airteagal 2, pointe (n) | Airteagal 2, pointe (17) |
| Articles 3 go 6 | Articles 3 go 6 |
| Airteagal 8 | Airteagal 7 |
| Airteagal 9 | Airteagal 8 |
| Airteagal 10 | Airteagal 9 |
| Airteagal 10a | Airteagal 10 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 12 | Airteagal 11 |
| Airteagal 13 | - |
| Airteagal 13a | Airteagal 12 |
| - | Airteagal 13 |
| Airteagal 14 agus 15 | Airteagal 14 agus 15 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn II |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn III |
| – | Iarscríbhinn IV |
| – | Iarscríbhinn V |